General Guidelines for completion of CSPE
REPORT on an ACTION PROJECT

In completing SECTION 1 - My Action Project - the student should:

- State the Title of his/her Action Project
- Identify the type/s of action that was/were undertaken as part of the Action Project

In completing SECTION 2 - Introduction - the student should:

(a)
- Identify the concept on which his/her Action Project was based
- Explain how his/her Action Project was based on this concept

(b) Explain, giving reasons, why he/she chose to do this Action Project

In completing SECTION 3 - Activities Undertaken - the student should:

(a)
- Identify two people/groups communicated with in the course of his/her Action Project
- Explain how and why one of these people/groups was communicated with in completing his/her Action Project

(b)
- List and briefly describe the main tasks/activities undertaken as part of the Action Project and give information on each task/activity

(c)
- Give a detailed account of one particular task/activity from the list in part (b) that he/she carried out as part of the Action Project

(d)
- Name and describe how he/she applied two skills when carrying out the activity described in part (c) above.
- Explain the importance of one of these skills in carrying out his/her Action Project

In completing SECTION 4 - Summary of Information - the student should:

- Give five different pieces of information/facts acquired while doing his/her Action Project.
- Remember that the information/facts should focus on the CSPE concept(s) upon which the Action Project was based.
- Describe, develop or explain these.

In completing SECTION 5 - Reflections - the student should:

- Give three statements describing how the experiences he/she had while doing the Action Project helped him/her to think about the CSPE concept(s) and/or the skills acquired and/or the process of doing the Action Project itself.
- For each of these statements, state the reasons why these experiences helped to shape his/her thoughts and opinions.

Treoirlínte Ginearálta maidir le comhlánú

TUAIRISC AR THIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA

san OSSP

Agus ROINN 1 – Mo Thionscadal Gníomhaíochta – á comhlánú ag mac léinn, ba chóir dó/di:

- Teideal an Tionscadail Ghníomhaíochta a lua
- A chur in iúl cén cineál gníomhaíochta a rinneadh mar chuid den Tionscadal Gníomhaíochta.

Agus ROINN 2 – Réamhrá – á comhlánú ag mac léinn, ba chóir dó/di:

(a)
- A chur in iúl cén coincheap ar bunaíodh a T(h)ionscadal Gníomhaíochta air
- A mhíniú cén chaoi ar bunaíodh an Tionscadal Gníomhaíochta ar an gcoincheap sin

(b) A mhíniú cén fáth ar roghnaigh sé/sí an Tionscadal Gníomhaíochta áirithe sin a dhéanamh.

Agus ROINN 3 – Gníomhaíochtaí a Rinneadh – á comhlánú ag mac léinn, ba chóir dó/di:

(a)
- Beirt nó dhá ghrúpa a raibh sé/sí i gcumarsáid leo le linn a T(h)ionscadail Ghníomhaíochta a lua
- A mhíniú cén chaoi agus cén fáth a ndearnadh cumarsáid le duine/grúpa amháin díobh sin agus an Tionscadal Gníomhaíochta á dhéanamh

(b) Liosta a dhéanamh de na príomhthascanna/príomhghníomhaíochtaí a rinneadh mar chuid den Tionscadal Gníomhaíochta, cur síos achomair a dhéanamh orthu agus eolas faoi gach tasc/gníomhaíocht díobh a thabhairt

(c) Mionchuntas a thabhairt ar thasc/ghníomhaíocht amháin ar leith as an liosta i gcuid (b) a rinne sé/sí mar chuid den Tionscadal Gníomhaíochta

(d)
- Dhá scil a ainmniú a d'úsáid sé/sí agus é/í ag déanamh na gníomhaíochta a bhfuil cuntas air i gcuid (c) agus cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar úsáideadh an dá scil.
- A mhíniú cén tábhacht a bhain le ceann amháin de na scileanna sin agus é/í ag déanamh an Tionscadail Ghníomhaíochta.

Agus ROINN 4 – Achoimre ar an Eolas – á comhlánú ag mac léinn, ba chóir dó/di:

- Mionchuntas a thabhairt ar chúig mhír eolais éagsúla a d'fhoghlaim sé/sí agus an Tionscadal Gníomhaíochta á dhéanamh aige/aici
- Cuimhneamh air gur chóir go mbeadh dlúthbhaint ag na míreanna eolais sin leis an gcoincheap nó leis na coincheapa san OSSP ar bunaíodh an Tionscadal Gníomhaíochta air
- Cur síos a dhéanamh orthu sin, iad a fhorbairt nó a mhíniú.

Agus ROINN 5 – Smaointe – á comhlánú ag mac léinn, ba chóir dó/di:

- Trí ráiteas a dhéanamh ina gcuireann sé/sí síos ar an gcaoi ar chabhraigh na heispéiris éagsúla a bhí aige/aici leis agus é/í i mbun an Tionscadail Ghníomhaíochta machnamh ar choincheap(a) an OSSP agus/nó ar na scileanna a foghlaimíodh agus/nó ar phróiseas an Thionscadail Ghníomhaíochta féin
- I gcás gach ráitis díobh, na cúiseanna a lua ar chabhraigh na heispéiris sin chun a c(h)uid smaointe agus tuairimí a mhúnlú.

General Guidelines for completion of CSPE – <u>COURSE-WORK ASSESSMENT BOOKLET</u>

In completing Section 1 – The Title - the student should:

- Clearly state a title that indicates what his/her course-work module was about.

In completing Section 2 - What my course-work module was about - the student should:

- Identify at least five different aspects or things that he/she or the class did as part of the course-work module

In completing Section 3 - Things I have done – THREE CLASSES - the student should:

FIRST CLASS

- Give a clear statement of the topic that was the focus of the class
  Describe the process/activity that was used in the class
  Give a factual piece of information on the topic of the class
  State something that they found interesting and why they found it interesting

SECOND CLASS

As for the FIRST CLASS but with a completely different class/activity

THIRD CLASS

As for the FIRST CLASS but with a completely different class/activity to those in either of the previous two classes

NB These three classes are separate to the Action Project and should <u>not</u> describe the work of the Action Project

In completing Section 4 -Things I have done - THE ACTION PROJECT - the student should:

- State the title and identify the type of action that was undertaken in the Action Project
- Explain, giving one reason, why he/she/class did this Action Project
- Give a clear description of ONLY one particular task/activity that he/she carried out as part of the Action Project
- Clearly explain two different pieces of information acquired from doing his/her Action Project.
- Name and describe how he/she applied one skill when doing the Action Project

In completing Section 5 – Something I have to say - the student should:

- Clearly state an issue arising from any part of the module including the Action Project
- Give a clear statement of why they found this issue interesting
- Should offer solutions or suggestions of what can be done about this issue

Treoirlínte Ginearálta maidir le comhlánú
LEABHAR MEASÚNAITHE OBAIR CHÚRSA
san OSSP

Agus Roinn 1 – Teideal – á comhlánú ag mac léinn, ba chóir dó/di:

- Teideal a lua go soiléir a chuireann in iúl cad a bhí i gceist leis an modúl obair chúrsa a rinne sé/sí.

Agus Roinn 2 – A raibh i gceist leis an modúl obair chúrsa – á comhlánú ag mac léinn, ba chóir dó/di:

- Ar a laghad cúig ghné nó rud a lua a rinne sé/sí nó an rang mar chuid den mhodúl obair chúrsa.

Agus Roinn 3 – Rudaí atá déanta agam – á comhlánú ag mac léinn, ba chóir dó/di:
RANG AMHÁIN

- Príomhábhar an ranga a lua go soiléir
  Cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas nó ar an ngníomhaíocht ar baineadh feidhm as sa rang
  Mír eolais a thabhairt faoi phríomhábhar an ranga
  Rud a lua a shíl sé/sí a bheith suimiúil agus a rá cén fáth a raibh sé suimiúil.

RANG EILE

Mar an gcéanna leis an gcéad rang ach rang/gníomhaíocht éagsúil ar fad i gceist.

RANG EILE FÓS

Mar an gcéanna leis an gcéad rang ach rang/gníomhaíocht éagsúil ar fad i gceist seachas mar a bhí sa dá rang eile.

NB Níl baint ag na trí rang sin leis an Tionscadal Gníomhaíochta agus ní cóir go gcuirfí síos sa chuid sin ar obair an Tionscadail Ghníomhaíochta.

Agus Roinn 4 – Rudaí atá déanta agam – AN TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA – á comhlánú ag mac léinn, ba chóir dó/di:

- Teideal an Tionscadail Ghníomhaíochta a lua agus a chur in iúl cén cineál gníomhaíochta a rinneadh
- A mhíniú cén fáth a ndearna sé/sí nó an rang an Tionscadal Gníomhaíochta sin agus fáth amháin a thabhairt
- Cur síos soiléir a dhéanamh ar thasc/ghníomhaíocht AMHÁIN a rinne sé/sí mar chuid den Tionscadal Gníomhaíochta
- Míniú soiléir a thabhairt ar dhá rud a d'fhoghlaim sé/sí as an Tionscadal Gníomhaíochta a dhéanamh
- Scil a ainmniú agus cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar úsáid sé/sí í agus an Tionscadal Gníomhaíochta á dhéanamh.

Agus Roinn 5 – Rud atá le rá agam – á comhlánú ag mac léinn, ba chóir dó/di:

- Ceist a lua go soiléir a d'éirigh as aon ghné den mhodúl, an Tionscadal Gníomhaíochta san áireamh
- Ráiteas soiléir a dhéanamh faoin gcúis a raibh an cheist sin suimiúil
- Réitigh ar an gceist a lua nó moltaí a thabhairt faoin rud is féidir a dhéanamh faoi.